

UIMHREACHA NA GAEILGE

Réamhrá

Sa saothar seo tá cuntas ar iomlán na rialacha a bhaineann le húsáid uimhreacha sa Ghaeilge. Mar is eol don léitheoir, tá córas uimhreacha na Gaeilge an-chasta, rud a chuireann fonn ar lucht scríofa leabhar gramadaí a gcuid cuntas ar an chóras a shimpliú agus ceisteanna áirithe a fhágáil gan freagra soiléir mar bheadh an freagra casta agus deacair le tuiscint. Sa saothar seo, tá a mhalairt de chur chuige i gceist. Rinne mé iarracht cur síos a dhéanamh ar chóras na n-uimhreacha ar bhealach atá chomh hiomlán agus is féidir, in ainneoin a chastachta. Fónfaidh an saothar seo don té atá ar thóir cruinnis.

Sa bhreis ar mo chuid eolais agus taithí féin mar úsáideoir laethúil na teanga, bhain mé úsáid as na foinsí seo a leanas:

- *Cruinnscriobh na Gaeilge* le Ciarán Mac Murchaidh, an dara heagrán, 2004
- *Graiméar Gaeilge na mBráithre Críostaí*, “eagrán nua” mar is aithne air, 1999
- *Úrchúrsa Gaeilge* le Dónall Ó Baoill agus Éamon Ó Tuathail, “eagrán leasaithe”, 1992
- *Leabhar Gramadaí Gaeilge* le Nollaig Mac Congáil, 2002
- *Na Bunuimhreacha sa Chaighdeán Oifigiúil* le Pádraig Ó Mianáin, aiste a foilsíodh ar an iris *Taighde agus Teagasc*, imleabhar 3, 2003
- *Gramadach na Gaeilge agus Litriú na Gaeilge: An Caighdeán Oifigiúil*, Oifig an tSoláthair, 1958 (athchló 2004)

Chomh maith leis na foinsí scríofa seo, tá mé buíoch de Sheán Ó Muireasáin agus de Sheán Dorins as cuidiú liom teacht ar thuiscint níos soiléire mar gheall ar phointí áirithe.

Tríd is tríd, níl sa saothar seo ach cnuasach moltaí. Níl a leithéid de rud ann agus rialacha dochta in aon teanga bheo, agus ní féidir cur síos céad faoin chéad iomlán a dhéanamh ar ghramadach teanga nádúrtha, cuma cén teanga atá i gceist. Dála gach saothair eile ar chúrsaí gramadaí, is léamh pearsanta é an saothar seo ar go leor bealaí, agus seans nach n-aontóidh gach duine liom maidir le pointí áirithe. Ní lia duine ná tuairim, go háirithe más gramadach na Gaeilge atá idir lámha, mar gheall ar dhifriochtaí idir na canúintí agus mar thoradh ar cheal úsáide na teanga sa díoscúrsa poiblí. Sé sin ráite, tá iarracht déanta agam na foinsí go léir a tharraingt le chéile ar bhealach réasúnta nach dtiocfadh salach ar thuiscint nádúrtha an chainteora líofa. Tá comhartha ceiste curtha agam i gciumhais an leathanaigh in aice leis na pointí nach bhfuil na foinsí ag teacht le chéile ina dtaobh, nó pointe a bhfuil na foinsí ina dtost fúthu.

Léiríonn toirt an chuntais seo (iomlán de 38 leathanach) a chasta is atá córas na n-uimhreacha sa Ghaeilge. Sa domhan trí chéile, faightear difríochtaí móra idir na bealaí a láimhseálann teangacha uimhreacha. Tá teangacha ann a láimhseálann uimhreacha ar bhealach lom agus éifeachtach, mar shampla go leor teangacha Áiseacha, agus scata beag teangacha Eorpacha dála na Breatnaise (ina córas uimhriúil nua) agus, go pointe áirithe, an Bhéarla. Ar an taobh eile de tá teangacha ann a bhfuil córas uimhriúil an-chasta acu, rud a chruthaíonn deacrachtaí d’fhoghlaimoírí agus do chainteoirí dúchais araon, go háirithe más gá dóibh sonraí uimhriúla a láimhseáil go minic, mar a bhíonn sa mhataimic agus sa staitistic. Sa Ghaeilge, is iad na bunuimhreacha neamhphearsanta an t-ábhar is mó a chothaíonn deacrachtaí do dhaoine, go háirithe an dóigh a dtimpeallaíonn an uimhir an t-ainmfhocal, agus na rialacha breise is gá a leanúint má tá aidiacht nó cáilitheoir éigin eile ag gabháil leis an ainmfhocal – gan trácht ar an frása ainmfhoclach iomlán a bheith sa tuiséal ginideach. Is beag cinnteacht atá i measc lucht labhartha na Gaeilge ar na ceisteanna seo, agus ní aon ionadh é go bhfuiltear ag dul i muinín na maoluimhreacha go minic mar éalú ón chastacht ar fad sin. Amach anseo, má thagann méadú ar úsáid na Gaeilge i réimsí saoil ina bhfuiltear ag láimhseáil uimhreacha go minic, is cinnte go gcuirfear a thuilleadh brú ar chóras uimhriúil na teanga i dreo a shimplithe. Beidh le feiceáil.

Michal Boleslav Měchura

Baile Átha Cliath
Nollaig 2006

Cineálacha uimhreacha

Tá bealaí éagsúla ann chun uimhreacha na Gaeilge a aicmiú. Seo a leanas an córas aicmithe a úsáidtear anseo.

Maoluimhreacha

Uimhir “lom” í an mhaoluimhir nach gcuireann líon nó ord rudaí in iúl.

a haon, a dó, a trí, tá sé a seacht a chlog, bus a trí déag

Bunuimhreacha

Cuireann bunuimhreacha líon rudaí neamhdhaonna in iúl. Cuirtear an uimhir roimh an ainmfhocal, nó timpeall air uaireanta.

dhá theach, seacht n-iarratas déag, naoi dtír is tríocha

Uimhreacha pearsanta

Úsáidtear uimhreacha chun líon daoine a chur in iúl.

beirt, beirt mhúinteoirí, cúigear páistí

Orduimhreacha

Insíonn orduimhir an t-ionad a bhaineann le rud in ord áirithe.

an chéad duine, an dara teach ar chlé, an fichiú haois

Maoluimhreacha

Uimhreán a sheasann ina aonar í an mhaoluimhir, gan líon nó ord rudaí á chur in iúl aici.

A Na huimhreacha 0 – 19

Tá dhá fhoirm de na huimhreacha 0 – 19 ar fáil sa teanga: ceann leis an mhír **a** roimh an uimhir, agus ceann gan **a**. Úsáidtear i gcomhthéacsanna éagsúla iad, agus tá na treoracha le fáil sa chaibidil *Úsáid na maoluimhreacha*.

Seo iad na maoluimhreacha 0 – 19:

0	náid	a náid
1	aon	a haon
2	dó, dhó	a dó
3	trí	a trí
4	ceathair	a ceathair
5	cúig	a cúig
6	sé	a sé
7	seacht	a seacht
8	ocht	a hocht
9	naoi	a naoi
10	deich	a deich
11	aon déag	a haon déag
12	dó dhéag	a dó dhéag
13	trí déag	a trí déag
14	ceathair déag	a ceathair déag
15	cúig déag	a cúig déag
16	sé déag	a sé déag
17	seacht déag	a seacht déag
18	ocht déag	a hocht déag
19	naoi déag	a naoi déag

Pointí le tabhairt faoi deara:

- **An mhír a:** Iompraíonn an mhír seo í féin ar nós dá mba **forainm sealbhach baininscneach** í: cuireann sí **h** roimh ghutaí (mar shampla **a haon, a hocht**) agus ní chuireann sí aon claochlú ar chonsain.
Ní gnách an mhír seo a lua ar chor ar bith má tá an uimhir scríofa ina figiúirí. Mar shampla, scríobhtar **bus a ceathair déag**, ach **bus 14**.
- **Dó nó dhó?** Tá dhá fhoirm den uimhir 2 ar fáil: **dó** agus **dhó**. Sí an fhoirm **dó** an fhoirm is coitianta, ach tá rialacha ag baint le ceann a roghnú thar an cheann eile. Léirítear na rialacha sin sa chaibidil *Úsáid na maoluimhreacha*.
- **Séimhiú ar déag:** Séimhítear an focal **déag** i ndiaidh **dó: a dó dhéag**. Ní shéimhítear aon uair eile é.

B Na maoluimhreacha 20 – 99

Seo iad na maoluimhreacha deachúla ó 20 go 90:

20	fiche
30	tríocha
40	daichead, ceathracha
50	caoga
60	seasca
70	seachtó
80	ochtó
90	nócha

Pointe le tabhairt faoi deara:

- **Daichead nó ceathracha?** Tá dhá fhoirm den uimhir 40 ar fáil sa teanga, **daichead** agus **ceathracha**. Sé **daichead** an ceann is coitianta, ach tá **ceathracha** ceart freisin. Níl aon difríocht eatarthu ó thaobh chomhthéacs a n-úsáide. Is cosúil gur teaghlaim de “dhá fhichead” atá san fhocal “daichead”.

Seo mar a chuirtear na huimhreacha deachúla le chéile leis na huimhreacha 1 – 9 chun uimhreacha neamhdheachúla a chruthú:

fiche, tríocha, ...	+	an chuid eile den uimhir (foirm le a)
---------------------	---	---------------------------------------

Samplaí:

21	fiche a haon
22	fiche a dó
33	tríocha a trí
44	daichead a ceathair
55	caoga a cúig
66	seasca a sé
77	seachtó a seacht
88	ochtó a hocht
99	nócha a naoi

Uaireanta, cumtar na huimhreacha seo agus leagan gan **a** á úsáid, mar shampla **seasca sé**, **ochtó ocht** in ionad **seasca a sé**, **ochtó a hocht**. Is gnáiche an leagan le **a** á úsáid, áfach.

C Na maoluimhreacha 100 – 999

Sé **céad** an focal ar 100, agus cuirtear córas na mbunuumhreacha i bhfeidhm chun é a chomhaireamh, ar nós dá mba “rud” é (féach an chaibidil *Bunuumhreacha*).

100	céad
200	dhá chéad
300	trí chéad
400	ceithre chéad
500	cúig chéad
600	sé chéad
700	seacht gcéad
800	ocht gcéad
900	naoi gcéad

Agus seo mar a chuirtear le chéile le huimhreacha eile iad:

céad, dhá chéad, ...	+	(is)	+	an chuid eile den uimhir (foirm le a má tá sí le fáil)
----------------------	---	------	---	--

Is gearrfhoirm de **agus é is** anseo. Pointe le tabhairt faoi deara:

- **Is:** Cuirtear **is** isteach mura dtosaíonn an chuid a leanann ar **a**, mar shampla **céad is fiche**. Ní chuirtear **is** isteach má thosaíonn an chuid a leanann ar **a**, mar shampla **céad a naoi déag**.

Ní riail dhocht í seo, áfach. Is féidir **is** a fhágáil ar lár go hiomlán ar mhaithe le gontacht, agus is féidir é a chur isteach roimh **a**, fiú, ar mhaithe le soiléireacht.

Samplaí:

101	céad a haon
105	céad a cúig
118	céad a hocht déag
120	céad is fiche
125	céad is fiche a cúig
140	céad is daichead
201	dhá chéad a haon
315	trí chéad a cúig déag
444	ceithre chéad is daichead a ceathair
710	seacht gcéad a deich
999	naoi gcéad is nócha a naoi



D Maoluimhreacha os cionn 999

Seo iad na huimhreacha a thagann i gceist:

	patrún “Meiriceánach”	patrún “Sasanach”
1,000	míle	míle
1,000,000	milliún	milliún
1,000,000,000	billiún	míle milliún
1,000,000,000,000	trilliún	billiún
1,000,000,000,000,000	cuaidrilliún	trilliún
1,000,000,000,000,000,000	cuintilliún	cuaidrilliún

Pointe le tabhairt faoi deara:

- **Billiún nó míle milliún?** Tá doiléire ag baint leis na focail **billiún**, **trilliún**, ... i saol an Bhéarla, agus tá tionchar ag an doiléire sin ar an Ghaeilge freisin. Sa liosta thuas, léirítear sa cholún ar chlé an patrún atá bunaithe ar nós Mheiriceá, agus léirítear sa cholún ar dheis an patrún atá bunaithe ar nós Shasana. Is fiú do gach duine a úsáideann na focail seo an bhrí atá aige nó aici leo a shainmhíniú ar dtús.

Dála an fhocail **céad**, úsáidtear córas na mbunuihmreacha chun na focail seo a chomhaireambh, ar nós dá mba “rudaí” iad, agus is é an “córas simplithe” a úsáidtear anseo – féach an rannóg D faoin chaibidil *Bunuihmreacha*.

Samplaí:

1,000	míle
2,000 – 6,000	dhá/trí/ceithre/cúig/sé mhíle
7,000 – 10,000	seacht/ocht/naoi/deich míle
11,000	míle dhéag
12,000 – 16,000	dhá/trí/ceithre/cúig/sé mhíle dhéag
17,000 – 19,000	seacht/ocht/naoi míle dhéag
20,000	fiche míle
21,000 – 26,000	fiche a haon/a dó/a trí/a ceathair/a cúig/a sé míle
27,000 – 29,000	fiche a seacht/a hocht/a naoi míle
1,000,000	milliún
2,000,000 – 6,000,000	dhá/trí/ceithre/cúig/sé mhilliún
7,000,000 – 10,000,000	seacht/ocht/naoi/deich milliún
11,000,000	milliún déag
12,000,000 – 16,000,000	dhá/trí/ceithre/cúig/sé mhilliún déag
17,000,000 – 19,000,000	seacht/ocht/naoi milliún déag
20,000,000	fiche milliún
21,000,000 – 26,000,000	fiche a haon/a dó/a trí/a ceathair/a cúig/a sé milliún
27,000,000 – 29,000,000	fiche a seacht/a hocht/a naoi milliún

Seo mar a chuirtear le chéile le huimhreacha eile iad:

...	+	x milliún,	+	x míle,	+	(is)	+	an chuid eile den uimhir (foirm le a má tá sí le fáil)
-----	---	------------	---	---------	---	------	---	---

Pointí le tabhairt faoi deara maidir le poncaíocht:

- **Is:** Cuirtear **is** isteach má tá an chuid a leanann cothrom leis na focail **fiche**, **tríocha**, ..., **nócha**. Mar shampla, deirtear “**dhá míle, fiche a trí**” (2,023), ach “**dhá míle is fiche**” (2,020).
- **An chamóg:** Cuirtear camóg i ndiaidh na mílte, i ndiaidh na milliún, agus mar sin de. Fágтар an chamóg dheireanach amach, áfach, má thosaíonn an chuid a leanann ar a nó ar **is**. Mar shampla, scríobhtar “**míle, céad is tríocha**” (1,130), ach “**míle a trí**” (1,003) agus “**míle is tríocha**” (1,030).

Ní rialacha dochta iad seo, áfach. Bíonn nósanna poncaíochta éagsúla ag daoine le huimhreacha, agus dar ndóigh, ní gnách uimhreacha arda a scríobh amach ina bhfocail go minic ar chor ar bith.

Samplaí:

1,512	míle, cúig chéad a dó dhéag
1,528	míle, cúig chéad is fiche a hocht
16,369	sé mhíle dhéag, trí chéad is seachtó a naoi
20,612	fiche míle, sé chéad a dó dhéag

22,120

fiche a dó míle, céad is fiche

147,120 **céad is daichead a seacht míle, céad is fiche**

1,722,281

milliún, seacht gcéad is fiche a dó míle, dhá chéad is ochtó a haon

3,417,844

trí mhiliún, ceithre chéad a seacht déag míle, ocht gcéad is daichead a ceathair

Úsáid na maoluimhreacha

Déanann an chaibidil seo cuntas ar na comhthéacsanna ina n-úsáidtear maoluimhreacha, agus ar na dóigheanna a láimhseáiltear maoluimhreacha sna comhthéacsanna sin.

Comhaireamh lom

Séard is comhaireamh lom ná uimhreacha á rá amach, gan iad á gcáiliú ag aon rud agus gan iad ag cáiliú aon ruda:

déan comhaireamh liom: a haon, a dó, a trí, ...

Nuair atá foirm le **a** d'uimhir idir 0 agus 19 le fáil, úsáidtear í. Nuair nach bhfuil foirm le **a** le fáil le huimhreacha os cionn 19, úsáidtear an fhoirm gan **a**.

Uimhreacha gutháin

Sampla den chomhaireamh lom iad uimhreacha gutháin. Úsáidtear foirmeacha le **a** chun uimhreacha gutháin a rá:

sé m'uimhir ghutháin ná: a sé, a náid, a seacht, a ceathair, a haon, a náid, a hocht (7064108)

Nuair a bhíonn uimhreán dúbailte i gceist le huimhir ghutháin, de ghnáth deirtear faoi dhó é, cé gur féidir an focal **péire** a úsáid, freisin:

a náid a náid, a ceathair a ceathair (0044) **an cód idirnáisiúnta don Ríocht Aontaithe**
péire náid, péire ceathair (0044) **an cód idirnáisiúnta don Ríocht Aontaithe**

Fághtar an t-uimhreán gan athrú tar éis **péire** (sé sin, ní chuirtear sa tuiseal ginideach nó san uimhir iolra é), ach baintear an mhír **a** de.

Nuair a bhíonn trí cinn nó breis den uimhir chéanna in uimhir ghutháin, deirtear faoi thrí, faoi cheathair, srl. é:

cuir gloach ar a naoi, a naoi, a naoi (999) **in am práinne**

Níl aon mhacasamhail de *triple nine* an Bhéarla sa Ghaeilge.

Pointí ama

Chun pointe ama a thuairisciú, úsáidtear foirm le **a** den mhaoluimhir, má tá sí le fáil. Cuirtear “**a chlog**” i ndiaidh an uimhreacha le cur in iúl gur am atá i gceist:

a haon a chlog, a ceathair a chlog, a dó dhéag a chlog

ag a haon a chlog, ag a ceathair a chlog, ag a dó dhéag a chlog

Is cosúil gur leagan simplithe den ghinideach “an chloig” atá i gceist le “a chlog”.

Tabhair faoi deara gur dhá rud difriúil iad **pointe ama** (mar shampla **tá sé a seacht a chlog**) agus **fad ama** (mar shampla **d'fhan sí ann ar feadh dhá uair**). Úsáidtear maoluimhreacha chun pointe ama a rá, agus úsáidtear bunuimhreacha, in éineacht le hainmfhocail ar nós **uair** agus **nóiméad**, chun fad ama a thuairisciú.

Maoluimhreacha agus réamhfhocail

Ní féidir maoluimhreacha a chur sa tuiseal ginideach (ach amháin nuair a bhíonn siad á n-úsáid go hainmfhoclach, féach an chaibidil *Maoluimhreacha á n-úsáid mar ainmfhocail*) agus dá bhri sin, fághtar gan athrú ar bith iad i ndiaidh réamhfhocail ar nós **chun, tar éis** agus **i ndiaidh**, réamhfhocail a úsáidtear go minic chun am a thuairisciú – cé gur réamhfhocail ghinideacha iad seo a iarann an tuiseal ginideach de ghnáth:



ceithre nóiméad chun a dó, ceathrú tar éis a haon déag, ceathrú i ndiaidh a haon déag

Os rud é gur forainm sealbhach baininsneach í an mhír **a**, cuirtear le chéile í le réamhfocail áirithe agus déantar focal amháin astu. Mar shampla:

ó + a sé o chlog = bhí mé ag fanacht leat óna sé a chlog

faoi + a seacht a chlog = beidh mé réidh faoina seacht a chlog

Fágtar **go dtí** agus **a** gan athrú, áfach:

go dtí + a dó dhéag a chlog = go dtí a dó dhéag a chlog

Cloistear **go dtina hocht** agus a leithéidí uaireanta, ach is cirte **go dtí** agus **a** a choimeád scartha óna chéile.

Úsáidtear na réamhfocail **ó** agus **go dtí** in éindí go minic nuair a bhítear ag cur síos ar achar idir uimhreacha áirithe, bíodh am ná rud éigin eile i gceist:

bhí siad ag obair óna seacht ar maidin go dtí a cúig tráthnóna

an féidir leat comhaireamh óna haon go dtí a deich?

Uimhir ar lorg ainmfhocail

Nuair a bhíonn uimhir nó cód alfa-uimhriúil á lua ar lorg ainmfhocail, is í foirm na maoluimhreach a úsáidtear. Baintear úsáid as foirm a thosaíonn ar **a** má tá sí le fáil. Clúdaíonn sé seo go leor cásanna, mar shampla:

- **Busanna:** bus 14 = **bus a ceathair déag**, bus 46A = **bus daichead a sé A**
- **Seomraí óstáin:** seomra 13 = **seomra a trí déag**.
- **Daoine:** Eoin Pól II = **Eoin Pól a dó**, Anraoi VIII = **Anraoi a hocht**.
- **Ardáin i stáisiún traenach:** ardán 2 = **ardán a dó**.
- **Geataí bordála in aerfort:** geata B17 = **geata B a seacht déag**.

Blianta

Tá múnlaí éagsúla sa Ghaeilge chun blianta a léamh, ach úsáidtear maoluimhreacha i ngach ceann acu.

- **Blianta den phatrún XXXX nó XXXo** (seasann X d'uimhir ar bith seachas an náid). Bristear an bhliain ina dá leath agus léitear gach leath mar mhaoluimhir faoi leith. Úsáidtear foirm le **a** sa dara leath, má tá sí le fáil:

1975 = 19 + 75	naoi déag seachtó a cúig
1999 = 19 + 99	naoi déag nócha a naoi
1920 = 19 + 20	naoi déag fiche
1916 = 19 + 16	naoi déag sé déag
1848 = 18 + 48	ocht déag daichead a hocht
1710 = 17 + 10	seacht déag a deich
1440 = 14 + 40	ceathair déag daichead
1415 = 14 + 15	ceathair déag cúig déag

Clúdaíonn an patrún seo blianta i ndiaidh na bliana 2000, freisin:

2135 = 21 + 35 **fiche haon tríocha a cúig**

- **Blianta den phatrún XXoX**. Nuair atá náid ag tús dara leath na huimhreach, is féidir an patrún céanna thuas a leanúint:

1908 = 19 + 8 **naoi déag a hocht**

Nó, is féidir an náid a lua, ar mhaithe le soiléireacht:

1908 = 19 + 0 + 8 **naoi déag a náid a hocht**

Más an dara patrún a leantar, is gnách an chéad **a** a fhágáil ar lár:

1908 = 19 + 0 + 8 **naoi déag náid a hocht**

- Blianta de phatrúin eile. Léitear mar mhaoluimhir amháin iad:

X000

2000 **dhá mhíle**
1000 **míle**

XX00

1900 **míle, naoi gcéad**
1500 **míle, cúig chéad**

X00X

2006 **dhá mhíle a sé**
1003 **míle a trí**

XoXX

2016 **dhá mhíle a sé déag**
2020 **dhá mhíle is fiche**
1013 **míle a trí déag**

Níos lú/níos mó ná ceithre dhigit

716 **seacht gcéad a sé déag**
80113 **ochtó míle, céad a trí déag**

Luaitear an focal **bliain** roimh an uimhir de ghnáth, go háirithe má tá an uimhir ar lorg ainmfhocaíl, mar atá léirithe sa rannóg *Uimhir ar lorg ainmfhocaíl* thuas. Bíonn an t-alt leis an fhocal **bliain** de ghnáth:

rugadh sa bhliain 1975 mé
tá an tionscadal le bheith ar siúl go dtí an bhliain 2007
tháinig mé go hÉirinn ag tús na bliana 1998



Cé gur féidir an focal **bliain** a fhágáil amach ar mhaithe le gontacht, go háirithe i scríbhinn (mar shampla **rugadh i 1975 mé, ar siúl go dtí 2007, ag tús 1998** agus a leithéidí), is soiléire é agus an t-alt a chur isteach, go háirithe sa chaint agus sa léamh os ard.

Aoiseanna

Is féidir maoluimhreacha a úsáid chun tagairt a dhéanamh do réimse blianta, mar shampla **na (naoi déag) tríochaidí** (= 1930 – 1939). Tá an mhaoluimhir á húsáid mar ainmfhocal anseo.


Suimeanna airgid

Nuair a bhíonn suim airgid le rá, úsáidtear bunuimhreacha chun an chuid roimh an phointe deachúil a rá (in éineacht le hainm an airgeadra, mar shampla **euro**), agus ansin, léitear an chuid i ndiaidh an phointe dheachúil mar mhaoluimhir.

€7.15 **seacht euro, cúig déag**
€29.99 **naoi euro is fichead, nócha a naoi**


Comhaireamh rudaí

Go hócáideach, úsáidtear maoluimhreacha chun líon rudaí a chur in iúl – cé gur coitianta bunuimhreacha a úsáid. An patrún seo a bhíonn i gceist de ghnáth:




Sampla: “**ceathair déag de bhlianta ó shin, tógadh fiche a seacht de thithe saoire**”.
Úsáidtear an patrún seo go háirithe más uimhir ard nó frása ainmfhoclach casta atá i gceist. De ghnáth, áfach, is nádúrtha leas a bhaint as córas na mbunuimhreacha: “**ceithre bliana déag ó shin, tógadh seacht dteach saoire is fichead**”.

An t-aon ócáid nuair is go hiomlán ceart an patrún seo a úsáid ná nuair a bhíonn rogha idir dhá líon i gceist:




**trí nó ceathair de bhlianta ó shin a tharla sé
fiche, fiche a cúig, nó b'fhéidir tríocha, de thithe saoire a tógadh anseo**

Nuair a bhíonn líon de 1 sa rogha seo, seachnaítear an focal **aon**. Ina ionad, deirtear ainmfhocal éigin eile a ghlacann a áit mar aonad comhairimh, ar nós **ceann**:



**ceann nó dó de bhlianta ó shin
ceann nó dó de thithe saoire**

Is féidir an t-ainmfhocal féin a úsáid in aonad **aon**, freisin:




**bliain nó dhó ó shin
teach saoire nó dhó**

'Dó' agus 'dhó'

?

Má bhíonn foirm gan **a** den mhaoluimhir 2 le húsáid, tá dhá fhoirm le fáil: **dó** agus **dhó**. Úsáidtear an fhoirm **dó** i gcónaí, ach amháin san aon phatrún amháin seo a leanas:



Mar shampla, deirtear **teach nó dhó** seachas ***teach nó dó**. Ar an taobh eile de, áfach, deirtear **ceann nó dó de thithe**, seachas ***ceann nó dhó de thithe**, os rud é gur aonad comhairimh é an focal **ceann** san abairt sin.

Ócáid eile nuair is gnách **dhó** a fheiceáil ná sa nath **faoi dhó** (a chiallaíonn **dhá uair**). Is **dó** atá anseo, áfach, í á húsáid go hainmfhoclach agus faoi shéimhiú ag an réamhfhocal **faoi**.

Maoluimhreacha á n-úsáid mar ainmfhocail

Is féidir maoluimhreacha a úsáid mar ainmfhocail chun tagairt a dhéanamh don uimhir féin, seachas do rud éigin a ngabhann an uimhir leis, mar shampla **bain amach an dó, tá trí náid ag deireadh na huimhreach gutháin, an bhfeiceann tú an fiche?, tharla sé sna naoi déag fichidí**. Sna cásanna sin, láimhseáiltear na huimhreacha mar ainmfhocail, agus tá airíonna acu mar a bhíonn ag ainmfhocail eile, mar shampla inscne, tuiseal ginideach agus uimhir iolra.

Na huimhreacha 0 – 10

	ainmneach uatha (inscne, díochlaonadh)	ginideach uatha	ainmneach iolra	ginideach iolra
0	an náid (bain2)	na náide	na náideanna	na náideanna
1	an t-aon (fir1)	an aoin	na haonta	na n-aonta
2	an dó (fir4)	an dó	na dónna	na ndónna
3	an trí (fir4)	an trí	na tríonna	na dtríonna
4	an ceathair (fir4)	an cheathair	na ceathaireanna	na gceathaireanna
5	an cúig (fir4)	an chúig	na cúigeanna	na gcúigeanna
6	an sé (fir4)	an tsé	na séanna	na séanna
7	an seacht (fir4)	an tseacht	na seachtanna	na seachtanna
8	an t-ocht (fir4)	an ocht	na hochtanna	na n-ochtanna
9	an naoi (fir4)	an naoi	na naonna	na naonna
10	an deich (fir4)	an deich	na deiceanna	na ndeiceanna

Na huimhreacha 20, 30, ..., 90

	ainmneach uatha (inscne, díochlaonadh)	ginideach uatha	ainmneach iolra	ginideach iolra
20	an fiche (fir)	an fhichead	na fichidí	na bhfichidí
30	an tríocha (fir)	an tríochad	na tríochaidí	na dtríochaidí
40	an daichead (fir1)	an daichid	na daichidí	na ndaichidí
	an ceathracha (fir)	an cheathrachad	na ceathrachaidí	na gceathrachaidí
50	an caoga (fir)	an chaogad	na caogaidí	na gcaogaidí
60	an seasca (fir)	an tseascad	na seascaidí	na seascaidí
70	an seachtó (fir)	an tseachtód	na seachtóidí	na seachtóidí
80	an t-ochtó (fir)	an ochtód	na hochtóidí	na n-ochtóidí
90	an nócha (fir)	an nóchad	na nóchaidí	na nóchaidí

Na huimhreacha 100, 1000, ...

	ainmneach uatha (inscne, díochlaonadh)	ginideach uatha	ainmneach iolra	ginideach iolra
100	an céad (fir1)	an chéid	na céadta	na gcéadta
1,000	an míle (fir4)	an mhíle	na mílte	na mílte
1,000,000	an milliún (fir1)	an mhilliúin	na milliúin	na milliúin

Leanann na focail **billiún, trilliún, ...**, patrún an fir1 chomh maith.

Uimhreacha eile

Nuair a bhíonn níos mó ná focal amháin i gceist le huimhreachán, is é an chéad ainmfhocal a rialaíonn inscne na huimhreach. Déantar an chéad ainmfhocal a infhillleadh de réir mar is gá, agus fágtar an chuid eile gan athrú. Mar shampla:

an t-aon déag (bus 11), **moill an aoin déag** (an mhoill atá ar bhus 11), **an fiche a hocht** (seomra 28 in óstán), **aíonna an fhichead a hocht** (sé sin, daoine atá ag fanacht i seomra 28)

Bunuimhreacha

Séard is bunuimhir ann ná uimhir a chuireann líon rudaí neamhdhaonna in iúl. Bíonn ainmfhocal ag gabháil léi. Roimh thús na caibidle is fiú na pointí seo a thabhairt faoi deara:

- Pléann an chaibidil seo le comhaireamh ainmfhocal nach ngabhann aidiacht leo. Má ghabhann aidiacht leis an ainmfhocal, mar shampla **ceithre chapall déag mhóra**, cuireann sé sin castacht bhreise leis an scéal, agus pléifear é sin i gcaibidil faoi leith, *Bunuimhreacha agus aidiachtaí*.
- Pléann an chaibidil seo le hainmfhocail gan alt, mar shampla **ceithre chapall** seachas **na ceithre chapall**. Nuair a bhíonn alt ag gabháil leis an ainmfhocal, arís, cuireann sé sin castacht bhreise leis, agus beifear ag plé leis sin sa chaibidil *Bunuimhreacha agus an t-alt*.
- Pléann an chaibidil seo leis an tuiseal ainmneach (mar shampla **tá ceithre chapall déag anseo**) agus leis an tuiseal tabharthach (mar shampla **thug siad bia do cheithre chapall déag**) amháin. Nuair a bhíonn bunuimhir le cur sa tuiseal ginideach, éiríonn an scéal níos casta agus tá caibidil faoi leith ag plé leis sin, *Bunuimhreacha agus an tuiseal ginideach*.

Foirm an ainmfhocail

Sí an foirm **uatha** den ainmfhocal sa tuiseal ginideach an fhoirm a úsáidtear le bunuimhreacha i gcónaí, mar shampla **dhá fhuinneog** seachas **dhá fuinneoga**. Féach na nótaí seo a leanas, áfach:

- Seanúsáid na foirme iolra sa stair: Is nós réasúnta nua é an nós an uimhir uatha a úsáid. Fiú ag tús na fichiú aoise bhí sé de rogha ag cainteoirí an fhoirm iolra a úsáid freisin, agus feictear go leor iarsmaí den nós sin sa lá atá inniu ann, go háirithe in ainmneacha dílse: **na Ceithre Cúirteanna** a deirtear, mar shampla, cé go mbeadh **na Ceithre Chúirt** níos cirte de réir rialacha na teanga anois. (Foirgneamh stairiúil i mBaile Átha Cliath iad na Ceithre Cúirteanna.)
- Ainmfhocail neamhrialta iolra: I gcás na bhfocal **bliain, seachtain, uair, ceann, cloigeann, orlach, pingin, troigh**, úsáidtear foirm speisialta iolra in ionad na foirme uatha. Tá tuilleadh eolais fúthu seo sa chaibidil *Bunuimhreacha le hainmfhocail neamhrialta iolra*.
- Ainmfhocail thabharthacha: I gcás focal a bhfuil foirm speisialta don tuiseal tabharthach acu, tá sé de rogha ag an cainteoir an fhoirm seo a úsáid in ionad an tuisil ainmnigh: **bos: dhá bhois, cos: dhá chois**, srl. Is codanna an choirp dhaonna iad beagnach gach ceann de na focail seo. Tá úsáid an tuisil thabharthaigh go hiomlán roghnach: tá **dhá bhos, dhá chos** ceart chomh maith.

A Na bunuimhreacha 1 – 10

Seo iad na bunuimhreacha 1 – 10, agus an dóigh a gcuirtear le chéile le hainmfhocail iad. Tabhair faoi deara na claochluithe tosaigh a chuireann siad ar an ainmfhocal:

1	cathair aon chathair cathair amháin aon chathair amháin	óstán aon óstán óstán amháin aon óstán amháin
2	dhá chathair	dhá óstán
3	trí chathair	trí óstán
4	ceithre chathair	ceithre óstán
5	cúig chathair	cúig óstán
6	sé chathair	sé óstán
7	seacht gcathair	seacht n-óstán
8	ocht gcathair	ocht n-óstán
9	naoi gcathair	naoi n-óstán
10	deich gcathair	deich n-óstán

Pointí le tabhairt faoi deara:

- I gcás na huimhreach 1, tá nós ann gan an t-uimhreán a rá ar chor ar bith mura bhfuil tábhacht faoi leith leis: ciallaíonn **cathair** “1 cathair” chomh maith le “cathair”. Má tá tábhacht leis an uimhir, is féidir béim a chur uirthi agus **aon** a lua roimh an ainmfhocal, **amháin** a lua i ndiaidh an ainmfhocail, nó an dá rud.
- Tá na focail **aon, dhá, ..., deich** mar an chéanna le maoluimhreacha, ach amháin **dhá** in ionad **dó** agus **ceithre** in ionad **ceathair**.


Pointí le tabhairt faoi deara ó thaobh na gclaochluithe tosaigh de:

- Cuireann an focal **aon** séimhiú ar ainmfhocail a thosaíonn ar chonsan, ach amháin iad siúd a thosaíonn ar **d, t** nó **s**. Mar shampla, **aon chathair** ach **aon duais, aon teaghlach, aon sráid**. Ní chuireann **aon** claochlú ar bith ar ainmfhocail a thosaíonn ar ghuta.
- Cuireann na focail **dhá, trí, ceithre, cúig, sé** séimhiú ar gach ainmfhocal a thosaíonn ar chonsan, fiú iad siúd a thosaíonn ar **d, t, s**. Mar shampla, **dhá chathair, trí dhuais, ceithre theaghlach, cúig shráid**. Dála **aon**, ní chuireann siad aon chlaochlú ar ainmfhocail dar tús guta.
- Cuireann na focail **seacht, ocht, naoi, deich** urú ar ainmfhocail a thosaíonn ar chonsan, mar shampla **seacht gcathair, ocht ngaráiste**. Cuireann siad “**n-**” roimh ainmfhocal a thosaíonn ar ghuta, mar shampla, **naoi n-óstán, deich n-oileán**.

Ar eagla na heagla, bíodh sé ráite nach gcuirtear aon chlaochlú ar fhocail dar tús **s** i ndiaidh **seacht, ocht, naoi, deich**. **Ocht siopa** a deirtear. Is botún é ***ocht tsiopa**, rud nach bhfuil ceart mar ní urú é an claochlú **ts**.

B Na bunuimhreacha 11 – 19

Déantar athúsáid ar an phatrún atá leagtha amach thuas, agus cuirtear **déag** nó **dhéag** ina dhiaidh:



Rialacha maidir le **déag/dhéag**:


- Cuirtear **déag** má chríochnaíonn an t-ainmfhocal roimhe ar chonsan, mar shampla **dhá chupán déag, ceithre oileán déag**.
- Cuirtear **dhéag** má chríochnaíonn an t-ainmfhocal roimhe ar ghuta, mar shampla **dhá ghloine dhéag, ceithre bhosca dhéag**.

Samplaí:

11	cathair déag aon chathair déag	óstán déag aon óstán déag	bosca dhéag aon bhosca dhéag
12	dhá chathair déag	dhá óstán déag	dhá bhosca dhéag
13	trí chathair déag	trí óstán déag	trí bhosca dhéag
14	ceithre chathair déag	ceithre óstán déag	ceithre bhosca dhéag
15	cúig chathair déag	cúig óstán déag	cúig bhosca dhéag
16	sé chathair déag	sé óstán déag	sé bhosca dhéag
17	seacht gcathair déag	seacht n-óstán déag	seacht mbosca dhéag
18	ocht gcathair déag	ocht n-óstán déag	ocht mbosca dhéag
19	naoi gcathair déag	naoi n-óstán déag	naoi mbosca dhéag

C Na bunuimhreacha 20, 30, ..., 90

Baintear leas as an mhaoluimhir, agus cuirtear an t-ainmfhocal ina dhiaidh, gan aon chlaochlú:



Samplaí:

20	fiche bosca
30	tríocha bosca

40	daichead bosca
	ceathracha bosca
50	caoga bosca
60	seasca bosca
70	seachtó bosca
80	ochtó bosca
90	nócha bosca

Iolraithe de 10 mar aonaid chomhairimh

Mar mhalairt ar an phatrún simplí seo, is féidir na focail **fiche, tríocha, ...**, a úsáid go hainmfhoclach mar aonaid chomhairimh chun cur in iúl cén líon iolraithe de 20, de 30, ..., atá i gceist:

60 (= 3 × 20)	trí fichid capall
80 (= 4 × 20)	ceithre fichid capall

Cuirtear an t-ainmfhocal sa tuiseal ginideach iolra. Is féidir an córas seo a shíneadh os cionn 90:

120 (= 6 × 20)	sé fichid capall
150 (= 3 × 50)	trí caogaid capall


Is féidir an focal **scór** a úsáid in ionad **fiche**, freisin:

60 (= 3 × 20)	trí scór capall
---------------	------------------------

Sa chóras seo, is iad **fichid, caogaid, ...**, foirmeacha neamhrialta iolra comhairimh de **fiche, caoga, ...**, atá a n-úsáid go hainmfhoclach anseo.

D Na bunuimhreacha 21 – 29, 31 – 39, ..., 91 – 99

Feidhmíonn an patrún mar seo: bristear an uimhir ina dhá chuid, mar shampla $29 = 20 + 9$. Ansin cuirtear droim ar ais iad, mar shampla “9 20”, agus ag an deireadh cuirtear an t-ainmfhocal agus an focal **is** isteach eatarthu, mar shampla “9 gcapall is 20”. Is gearrfoirm de **agus é is** anseo.



Samplaí:

21	bosca is fiche aon bhosca is fiche
22	dhá bhosca is fiche
33	trí óstán is tríocha
44	ceithre bhosca is daichead ceithre bhosca is ceathracha
55	cúig óstán is caoga
66	sé bhosca is seasca
77	seacht mbosca is seachtó
88	ocht n-óstán is ochtó
99	naoi mbosca is nócha

An uimhir dheachúil sa tuiseal ginideach

Mar mhalairt ar an phatrún thuas, is féidir an tuiseal ginideach den mhaoluimhir dheachúil a úsáid in ionad an tuísil ainmnigh. Is gá an focal **is** a fhágáil ar lár má dhéantar é seo.

21	bosca fichead aon bhosca fichead
22	dhá bhosca fichead
33	trí óstán tríochad
44	ceithre bhosca daichead, ceithre bhosca ceathrachad
55	cúig óstán caogad
66	sé bhosca seascad
77	seacht mbosca seachtód
88	ocht n-óstán ochtód

99 **naoi mbosca nóchad**

Sa phatrún seo, tá na focail **fiche**, **tríocho**, ... á n-úsáid mar ainmfhocail, agus is tuiseal ginideach díobh iad na foirmeacha **fichead**, **tríochoad**, ...

Iolraithe de 10 mar aonaid chomhairimh

Mar mhalairt eile ar an phatrún thuas, is féidir a rá cén líon rudaí sa bhreis ar 20, 30, ... atá i gceist, mar shampla

26 (= 6 + 20)	sé chapall ar fhichid
39 (= 19 + 20)	naoi gcapall déag ar fhichid
54 (= 4 + 50)	ceithre chapall ar chaogaid

Sa phatrún seo, is iad **fichid**, **caogaid** an tuiseal tabharthach de **fiche**, **caoga**, agus iad faoi shéimhiú ag an réamhfhocail **ar**.

Bealaí eile le rudaí neamhdhaonna a chomhaireamh

Mar mhalairt ar na patrúin ar fad a léiríodh faoi $A - E$ thuas, is féidir i gcónaí ainmfhocail éigin eile a úsáid mar aonad comhairimh leis an bhnuimhir, mar shampla **ceann**, agus an príomhainmfhocail a chur i ndiaidh na huimhreach, sa tuiseal ginideach iolra nó ar lorg an réamhfhocail **de**. Mar shampla:

seacht gcinn is fiche tithe saoire gan cheadúnas
(seachas **seacht dteach saoire is fiche gan cheadúnas**)

ceithre cinn déag de mhadraí móra bána
(seachas **ceithre mhadra dhéag mhóra bhána**)

Is gnách leas a bhaint as an rogha seo nuair a bhíonn frása ainmfhoclach fada casta i gceist.

Uaireanta eile, is féidir bunuimhreacha a sheachaint go hiomlán agus úsáid a bhaint as maoluimhreacha. Tá tuilleadh eolais air seo le fáil sa chaibidil *Úsáid na maoluimhreacha*.

Uimhreacha arda

Nuair is gá líon ard rudaí a chur in iúl (is é sin, líon níos airde ná 100 de ghnáth), fághtar slán le córas na mbun-uimhreacha agus téitear i muintín an “phatrúin shimplithe”, patrún a bhaineann leas as córas na maoluimhreacha óir is córas níos simplí é:

maoluimhir (fiche a haon, cúig chéad is fiche a hocht, sé mhíle dhá chéad fiche a trí, ...)	+	ainmfhocal (gan chlaochlú)
--	---	-------------------------------

Cumtar an bhun-uimhir de réir na rialacha atá léirithe sa chaibidil *Maoluimhreacha*. Sna samplaí seo a leanas, tá an mhaoluimhir faoi chló gorm, agus an t-ainmfhocal ina diaidh:

100	céad bosca
123	céad is fiche a trí bosca
1,000	míle bosca
1,512	míle, cúig chéad a dó dhéag bosca
1,528	míle, cúig chéad is fiche a hocht bosca
2,000	dhá mhíle bosca
7,000	seacht míle bosca
16,369	sé mhíle dhéag, trí chéad is seachtó a naoi bosca
20,612	fiche míle, sé chéad a dó dhéag bosca
22,120	fiche a dó mhíle, céad is fiche bosca
1,000,000	milliún bosca
1,722,281	milliún, seacht gcéad is fiche a dó mhíle, dhá chéad is ochtó a haon bosca
3,417,844	trí mhilliún, ceithre chéad a seacht déag míle, ocht gcéad is daichead a ceathair bosca
3,000,000	trí mhilliún bosca
8,000,000	ocht milliún bosca

An patrún simplithe faoi bhun 100

Is annamh an córas seo a úsáid ar uimhreacha níos ísle ná 100, ach is féidir más ar thóir na soiléire atáthar:

26	fiche a sé capall	in ionad	sé chapall is fiche
33	tríocha a trí cóip		trí chóip is tríocha
57	caoga a seacht ceist		seacht gceist is caoga

An patrún simplithe le “míle”, “milliún”, ...

Is gnách, áfach, an córas seo a úsáid chun na mílte, na milliúin, agus araile a chomhaireamh mar chuid de mhaoluimhir. Mar shampla:

21,000	fiche a haon míle	in ionad	míle is fiche
56,000	caoga a sé míle		sé mhíle is caoga
34,000,000	tríocha a ceathair milliún		ceathair mhilliún is tríocha

Is ar mhaithe le soiléire a úsáidtear an patrún simplithe seo le maoluimhreacha. Mar shampla, dá ndéarfadh duine **sé mhíle is caoga** gan an patrún simplithe a bheith i bhfeidhm, ní bheadh sé soiléir cé acu 6,050 nó 56,000 atá i gceist. Faoin phatrún simplithe, áfach, is léir go gciallaíonn **sé mhíle is caoga** 6,050, agus go gciallaíonn **caoga a sé mhíle** 56,000.

Claochluithe tosaigh leis an patrún simplithe

De ghnáth, ní chuirtear aon chlaochlú ar an ainmfhocal má tá **a** roimh an mhír dheireanach den uimhir:

cúig chéad is a hocht carr

Is féidir maolúmhreacha a chumadh gan **a** roimh an fhocal deireanach chomh maith, áfach. Má bhaintear úsáid as maolúimhir mar seo, is é is gnáiche claochlú a chur ar an ainmfhocail ar nós dá mba bhunuimhir é:

cúig chéad is ocht gcarr

Bunuimhreacha le hainmfhocail neamhrialta iolra

De ghnáth, is í uimhir uatha an ainmfhocail a bhíonn á húsáid le bunuimhreacha, ach amháin i gcás roinnt bheag ainmfhocail eisceachtúil, focail a bhfuil foirm neamhrialta iolra acu le haghaidh an chomhairimh. Is aonaid chuntais iad na focail mhírialta go léir seo. Tagann siad faoi cheithre ghrúpa:

- Aonaid ama:
 - bliain**, foirm neamhrialta iolra **bliana**
 - uair**, foirm neamhrialta iolra **uaire**
 - seachtain**, foirm neamhrialta iolra **seachtaine** nó **seachtainí** (tá an dá cheann acu ceart)
- Aonaid chomhairimh:
 - ceann**, foirm neamhrialta iolra **cinn**
 - cloigeann**, foirm neamhrialta iolra **cloigne**
- Aonaid fhaid:
 - orlach**, foirm neamhrialta iolra **orlaí**
 - troigh**, foirm neamhrialta iolra **troithe**
- Aonaid airgid:
 - pingin**, foirm neamhrialta iolra **pingine**
 - scilling**, foirm neamhrialta iolra **scillinge**

Úsáidtear an fhoirm neamhrialta le huimhreacha áirithe, agus an fhoirm rialta le huimhreacha eile.

A Na bunuimhreacha 1 – 10

Úsáidtear an fhoirm rialta uatha i ndiaidh **aon** agus **dhá**, agus cuirtear na gnáthrialacha séimhithe i bhfeidhm:

bliain, ceann, orlach, pingin,	seachtain, cloigeann troigh scilling	uair
aon bhliain ,	aon seachtain ,	aon uair
aon cheann ,	aon chloigeann	
aon orlach ,	aon troigh	
aon phingin ,	aon scilling	
dhá bhliain ,	dhá sheachtain ,	dhá uair
dhá cheann ,	dhá chloigeann	
dhá orlach ,	dhá troigh	
dhá phingin ,	dhá scilling	

Úsáidtear an fhoirm neamhrialta iolra i ndiaidh na n-uimhreacha 3 – 10. Cuirtear claochlú ar an ainmfhocail, ag brath ar an uimhir agus ar thús an ainmfhocail:

- I ndiaidh **trí**, **ceithre**, **cúig**, **sé**: gan séimhiú ar chonsan, **h** roimh ghuta:
 - dhá, trí, ceithre, cúig, sé **bliana**
 - dhá, trí, ceithre, cúig, sé **seachtaine** nó **seachtainí**
 - dhá, trí, ceithre, cúig, sé **huaire**
 - dhá, trí, ceithre, cúig, sé **cinn**
 - dhá, trí, ceithre, cúig, sé **cloigne**
 - dhá, trí, ceithre, cúig, sé **horlaí**
 - dhá, trí, ceithre, cúig, sé **troithe**

dhá, trí, ceithre, cúig, sé **pingine**
dhá, trí, ceithre, cúig, sé **scillinge**

- I ndiaidh **seacht, ocht, naoi, deich**: urú ar chonsan, “n-” roimh ghuta:

seacht, ocht, naoi, deich **mbliana**
seacht, ocht, naoi, deich **seachtaine** nó **seachtainí**
seacht, ocht, naoi, deich **n-uaire**
seacht, ocht, naoi, deich **gcinn**
seacht, ocht, naoi, deich **gloigne**
seacht, ocht, naoi, deich **n-orlaí**
seacht, ocht, naoi, deich **dtroithe**
seacht, ocht, naoi, deich **bpingine**
seacht, ocht, naoi, deich **scillinge**

B Na bunuimhreacha 11 – 19

Déantar athúsáid ar an phatrún as A agus cuirtear **déag** ina dhiaidh. Ní chuirtear séimhiú ar **déag**, fiú má chríochnaíonn an t-ainmfhocal ar ghuta:

bliain déag, **seachtain** déag, **uair** déag
ceann déag, **cloigeann** déag
orlach déag, **troigh** déag
pingin déag, **scilling** déag

aon **bhliain** déag, aon **seachtain** déag, aon **uair** déag
aon **cheann** déag, aon **chloigeann** déag
aon **orlach** déag, aon **troigh** déag
aon **phingin** déag, aon **scilling** déag

dhá **bhliain** déag, dhá **sheachtain** déag, dhá **uair** déag
dhá **cheann** déag, dhá **chloigeann** déag
dhá **orlach** déag, dhá **troigh** déag
dhá **phingin** déag, dhá **scilling** déag

dhá, trí, ceithre, cúig, sé **bliana** déag
dhá, trí, ceithre, cúig, sé **seachtaine** nó **seachtainí** déag
dhá, trí, ceithre, cúig, sé **huaire** déag
dhá, trí, ceithre, cúig, sé **cinn** déag
dhá, trí, ceithre, cúig, sé **cloigne** déag
dhá, trí, ceithre, cúig, sé **horlaí** déag
dhá, trí, ceithre, cúig, sé **troithe** déag
dhá, trí, ceithre, cúig, sé **pingine** déag
dhá, trí, ceithre, cúig, sé **scillinge** déag

seacht, ocht, naoi, deich **mbliana** déag
seacht, ocht, naoi, deich **seachtaine** nó **seachtainí** déag
seacht, ocht, naoi, deich **n-uaire** déag
seacht, ocht, naoi, deich **gcinn** déag
seacht, ocht, naoi, deich **gloigne** déag
seacht, ocht, naoi, deich **n-orlaí** déag
seacht, ocht, naoi, deich **dtroithe** déag
seacht, ocht, naoi, deich **bpingine** déag
seacht, ocht, naoi, deich **scillinge** déag

C Na bunuimhreacha 20, 30, ..., 90

Úsáidtear an fhoirm rialta uatha, gan aon chlaochlú tosaigh:

fiche **bliain**, tríocha **seachtain**, daichead **uair**
caoga **ceann**, seasca **chloigeann**
seachtó **orlach**, ochtó **troigh**
nócha **pingin**, fiche **scilling**

D Na bunuimhreacha 21 – 29, 31 – 39, ..., 91 – 99

Déantar athúsáid ar an phatrún as A agus cuirtear **is fiche, is tríocha, ..., is nócha** (nó **fichead, tríochad, ..., nóchad**) ina dhiaidh:

bliain is fiche
dhá **sheachtain** is tríocha

trí **huaire** is daichead
ceithre **cinn** is caoga
cúig **cloigne** is seasca
sé **horlaí** is seachtó
seacht **dtroithe** is ochtó
ocht **bpingine** is nócha
naoi **scillinge** is nócha

E Uimhreacha arda

Úsáidtear an fhoirm rialta uatha, agus baintear feidhm as na gnáthrialacha:

céad **bliain**
céad is fiche a trí **bliain**
míle **bliain**
míle, cúig chéad a dó dhéag **seachtain**
míle, cúig chéad is fiche a hocht **uair**
dhá mhíle **ceann**
seacht míle **cloigeann**
sé mhíle dhéag, trí chéad is seachtó a naoi **orlach**
fiche míle, sé chéad a dó dhéag **troigh**
fiche a dó mhíle, céad is fiche **pingin**
milliún **scilling**
trí mhilliún, ceithre chéad a seacht déag míle, ocht gcéad is daichead a ceathair **seachtain**
trí mhilliún **uair**
ocht milliún **ceann**

Tuilleadh faoi aonaid chomhairimh

Is féidir na focail **ceann** agus **cloigeann** a úsáid ar dhá bhealach: mar aonaid chomhairimh (rud a aistrítear mar *one* sa Bhéarla de ghnáth), agus mar chuid den chorp (*head* an Bhéarla). Ní bhaineann an neamhrialtacht mar atá sí léirithe thuas ach le haonaid chomhairimh. Mar shampla:

- Mar aonad comhairimh: **Bhí muid ag súil le ceithre thicéad ach ní bhfuair muid ach trí cinn.**
- Ní mar aonad comhairimh: **Bhí siad ag stánadh orm ar nós dá mbeadh trí cheann orm.**

Tuilleadh ainmfhocal

Go traidisiúnta, tá go leor ainmfhocal eile ann a gcaití leo mar ainmfhocail neamhrialtá i gcúrsaí comhairimh, ach tá an nós sin ag imeacht ón teanga anois agus comhairtear iad mar ainmfhocail rialta de ghnáth sa lá atá inniu ann:

- An t-ainmfhocal **aird** agus a fhoirm chomhairimh iolra **airde** nuair a chiallaíonn sé *tree*. Ní úsáidtear an focal sa chiall sin mórán níos mó, ach amháin san abairt chalctha **na ceithre hairde**, a chiallaíonn *na ceithre threo an chompáis*. Sampla: **tá daoine ag teacht óna ceithre hairde** = *tá daoine ag teacht ó gach cearn den domhan*.
- Ainmfhocail a chiallaíonn iolraithe de 10: **fiche** ($60 = 3 \times 20 =$ **trí fichid**), **caogad** ($150 = 3 \times 50 =$ **trí caogaid**), agus mar sin de. Ní gnách na focail seo a úsáid mar ainmfhocail ach go hannamh mar aonaid chomhairimh.
- Na hainmfhocail **slat** (**trí slata ón fharraige**), **trian** (**ceithre treana**), **ubh** (**seacht n-uibhe**), agus an corrcheann eile. Is gnách na focail seo a chomhaireamh mar ainmfhocail rialta anois: **trí slat ón fharraige**, **ceithre thrían**, **seacht n-ubh**.

Euro agus cent

Is fioreisceachtaí iad na focail **euro** agus **cent** sa mhéid nach dtagann aon chlaochlú orthu uair ar bith:

**euro, aon euro, euro amháin, aon euro amháin
dhá euro**

trí, ceithre, ..., sé euro

seacht, ocht, ..., naoi, deich euro

euro déag, dhá euro déag, ..., naoi euro déag

fiche euro, euro is fiche, dhá euro is fiche, ...

cent, aon cent, cent amháin, aon cent amháin

dhá cent

trí, ceithre, ..., sé cent

seacht, ocht, ..., naoi, deich cent

cent déag, dhá cent déag, ..., naoi cent déag

fiche cent, cent is fiche, dhá cent is fiche, ...



Ní chuirtear séimhiú ar **déag** i ndiaidh **euro**, cé go gcríochnaíonn an t-ainmfhocal ar ghuta: **dhá euro déag** a deirtear seachas **dhá euro dhéag**.

Rud eile atá eisceachtúil i dtaobh na bhfocal seo ná go ndéanann a bhfuaimniú aithris ar fhuaimniú an Bhéarla: “iuró” agus “sent”. Nuair a tugadh an t-airgeadra nua seo isteach i bPoblacht na hÉireann, bhí iarrachtaí ann chun focail Ghaelacha a chumadh, **eora** agus **ceint** mar shampla – ach níl glactha leo ag an phobail nó ag na húdaráis.

Bunuimhreacha agus aidiachtaí

Nuair a bhíonn ort aidiacht a chur le hainmfhocal a bhfuil bunuimhir ag gabháil leis, tá dhá cheist le freagairt:

- Cén fhoirm atá ar an aidiacht? Tá dhá rogha le fáil: (a) an aidiacht a bheith faoi réir an ainmfhocail ó thaobh uimhreach, inscne agus claochlaithe, mar shampla **fiche chapall mór**, **fiche bó mhór**, nó (b) an aidiacht a bheith neamhspleách ar an ainmfhocal, í a bheith san uimhir iolra agus séimhiú uirthi, mar shampla **trí chapall mhóra**, **trí bhó mhóra**. Baintear úsáid as rogha (a) nó (b) ag brath ar an uimhir atá i gceist.
- Cá dtéann an aidiacht? Nuair atá an t-ainmfhocal timpeallaithe ag an bhunuimhir, mar shampla **dhá charr is fiche**, **dhá chapall déag**, tá dhá rogha le fáil maidir le suíomh na haidiachta: (a) an aidiacht a chur díreach i ndiaidh an ainmfhocail, mar shampla **dhá charr mhóra is fiche**, nó (b) an aidiacht a chur ag an deireadh, mar shampla **dhá chapall déag mhóra**. Arís, baintear úsáid as rogha (a) nó (b) ag brath ar an uimhir atá i gceist.

Seo a leanas na rialacha a leantar chun an dá rogha thuas a dhéanamh.

A An uimhir 1

Tá an aidiacht go hiomlán faoi réir an ainmfhocail.

aon chapall mór **aon bó mhór**

B Na huimhreacha 2 – 10

Níl an aidiacht faoi réir an ainmfhocail. Tá sí san uimhir iolra agus tá séimhiú uirthi, beag beann ar inscne an ainmfhocail.

dhá chapall mhóra **dhá bó mhóra**
trí chapall mhóra **trí bó mhóra**
cúig chapall mhóra **cúig bó mhóra**
deich gcapall mhóra **deich mbó mhóra**

Más foirm neamhrialta iolra atá san ainmfhocal (seachas **cinn**), ní chuirtear séimhiú ar an aidiacht.

dhá sheachtain tábhachtacha
trí, ..., sé seachtaine tábhachtacha
seacht, ..., deich seachtaine tábhachtacha

dhá phingin mhóra
trí, ..., sé pingine móra
seacht, ..., deich bpingine móra

dhá cheann mhóra
trí, ..., sé cinn mhóra
seacht, ..., deich gcinn mhóra

C Na huimhreacha 11 – 19

Tagann an aidiacht i ndiaidh an fhocail **déag** (nó **dhéag**) seachas i ndiaidh an ainmfhocail. Dála B thuas, níl an aidiacht faoi réir an ainmfhocail. Tá an aidiacht san uimhir iolra agus tá séimhiú uirthi.

aon chapall déag mhóra
aon bó dhéag mhóra

dhá chapall déag mhóra
dhá bó dhéag mhóra

naoi gcapall déag mhóra
naoi mbó dhéag mhóra

Más foirm neamhrialta iolra atá san ainmfhocal (seachas **cinn**), ní chuirtear séimhiú ar an aidiacht.

dhá sheachtain déag thábhachtacha
trí, ..., sé seachtaine déag tábhachtacha
seacht, ..., deich seachtaine déag tábhachtacha

dhá phingin déag mhóra
trí, ..., sé pingine déag móra
seacht, ..., deich bpingine déag móra

dhá cheann déag mhóra
trí, ..., sé cinn déag mhóra
seacht, ..., deich gcinn déag mhóra

D Na huimhreacha 20, 21, 30, 31, ..., 90, 91

Dála A thuas, tagann an aidiacht i ndiaidh an ainmfhocal agus tá sí faoi réir aige.

fiche capall mór	fiche bó mhór
aon chapall mór is fiche	aon bhó mhór is fiche
tríocha capall mór	tríocha bó mhór
aon chapall mór is tríocha	aon bhó mhór is tríocha

E Na huimhreacha 22 – 29, 32 – 39, ..., 92 – 99

Tagann an aidiacht díreach i ndiaidh an ainmfhocal, ach, dála B thuas, níl sí faoi réir an ainmfhocal. Tá sí san uimhir iolra agus tá séimhiú uirthi, beag beann ar inscne an ainmfhocal.

dhá charr mhóra is fiche
naoi mbó mhóra is nócha

Más foirm neamhrialta iolra atá san ainmfhocal (seachas **cinn**), ní chuirtear séimhiú ar an aidiacht.

dhá sheachtain thábhachtacha is fiche
trí, ..., sé seachtaine tábhachtacha is fiche
seacht, ..., deich seachtaine tábhachtacha is fiche

dhá phingin mhóra is fiche
trí, ..., sé pingine móra is fiche
seacht, ..., deich bpingine móra is fiche

dhá cheann mhóra is fiche
trí, ..., sé cinn mhóra is fiche
seacht, ..., deich gcinn mhóra is fiche

F Na huimhreacha 100, 1,000, 1,000,000, ...

Dála A, tagann an aidiacht i ndiaidh an ainmfhocal agus tá sí faoi réir aige.

céad capall mór	céad bó mhór
míle capall mór	míle bó mhór

G Na huimhreacha eile (101 – 199, 201 – 299, ...)

?

Tagann an aidiacht díreach i ndiaidh an ainmfhocal, ach, dála B thuas, níl sí faoi réir an ainmfhocal. Tá sí san uimhir iolra agus tá séimhiú uirthi, beag beann ar inscne an ainmfhocal.

501	cúig chéad a haon capall mhóra
512	cúig chéad a dó dhéag capall mhóra
1,528	míle, cúig chéad is fiche a hocht mbosca mhóra
16,369	sé mhíle dhéag, trí chéad is seachtó a naoi mbó mhóra

Bunuimhreacha ina bhfigiúir

Nuair a scríobhtar bunuimhreacha ina bhfigiúir seachas ina bhfocail (mar shampla, **15** in ionad **cúig déag**), agus más líon de bhreis is 20 atá i gceist, is gnách na rialacha a shimpliú:

- Ní chuirtear aon chlaochluithe tosaigh ar an ainmfhocal. Mar shampla, **26 capall** a scríobhtar, cé go ndeirtear **sé chapall is fiche**.
- Fághtar an t-ainmfhocal ina bhunfhoirm, fiú más ainmfhocal neamhrialta iolra é. Mar shampla, scríobhtar **37 bliain**, cé go ndeirtear **seacht mbliana is tríocha**.
- Má tá aidiacht ag gabháil leis an ainmfhocal, fághtar go hiomlán faoi réir an ainmfhocail é. Má shampla, scríobhtar **48 capall bán**, cé go ndeirtear **ocht gcapall bhána is daichead**.

Baineann sé seo le huimhreacha os cionn 20. Faoin bhun 20, is gnách na gnáthrialacha a leanúint, áfach:

6 chapall	16 chapall
7 mbliana	17 mbliana
8 gcapall bhána	18 gcapall bhána

Bunuimhreacha agus an t-alt

Má bhíonn alt ag gabháil le hainmfhocal a bhfuil bunuimhir leis, tá dhá cheist le freagairt:

- Cén fhoirm atá ag an alt? Na roghanna ná **an** agus **na**.
- An gcuireann an t-alt aon chlaochlú ar an uimhreán?

Braitheann freagraí na gceisteanna seo ar an uimhir atá i gceist.

A Na huimhreacha 1, 11, 21, ..., 91

Úsáidtear an t-alt **an**, agus cuireann an t-alt seo “t-” ag tús an uimhreáin **aon**.

an t-aon bhád	an t-aon bhád mór
an t-aon bhád déag	an t-aon bhád déag mhóra
an t-aon bhád is fiche	an t-aon bhád mór is fiche

B Na huimhreacha 2, 12, 22, ..., 92

Úsáidtear an t-alt **an**, agus athraítear an t-uimhreán **dhá** go **dá**.

an dá bhád	an dá bhád mhóra
an dá bhád déag	an dá bhád déag mhóra
an dá bhád is fiche	an dá bhád mhóra is fiche

C Na huimhreacha 3 – 10, 13 – 19, 23 – 29, ..., 93 – 99

Úsáidtear an t-alt **na**. Cuireann an t-alt “h” ag tús uimhreáin dar tús guta.

na trí bhád	na trí bhád mhóra
na ceithre bhád	na ceithre bhád mhóra
na cúig bhád	na cúig bhád mhóra
na sé bhád	na sé bhád mhóra
na seacht mbád	na seacht mbád mhóra
na hocht mbád	na hocht mbád mhóra
na naoi mbád	na naoi mbád mhóra
na deich mbád	na deich mbád mhóra
na trí bhád déag	na trí bhád déag mhóra
na hocht mbád déag	na hocht mbád déag mhóra
na naoi mbád déag	na naoi mbád déag mhóra
na trí bhád is fiche	na trí bhád mhóra is fiche
na hocht mbád is fiche	na hocht mbád mhóra is fiche
na naoi mbád is fiche	na naoi mbád mhóra is fiche

D Gach uimhir eile (20, 30, ..., 90, 100, 101, 102, ...)

Úsáidtear an t-alt **an**. Ní chuirtear aon athrú ar an uimhreán.

an fiche bád	an fiche bád mór
an nócha bád	an nócha bád mór
an céad bád	an céad bád mór
an céad a haon bhád	an céad a haon bhád mhóra
an míle bád	an míle bád mór
an míle, cúig chéad a dó dhéag bád (mhóra)	

Bunuimhreacha agus an tuiséal ginideach

Má bhíonn an tuiséal ginideach le cur ar fhrása ainmfhoclach a bhfuil bunuimhir ag gabháil leis, tá trí cheist le freagairt:

- An gcuirtear aon athrú ar an uimhreán?
- An gcuirtear an t-ainmfhocal féin sa tuiséal ginideach?
- Má tá aidiacht ag gabháil leis an ainmfhocal, an gcuirtear an aidiacht sa tuiséal ginideach?

Freagraítear na ceisteanna seo ag brath ar an uimhir atá i gceist.

A An uimhir 1

Úsáidtear an t-alt **an** más firinsneach an t-ainmfhocal, agus an t-alt **na** más baininsneach é. Baintear “t-” den uimhreán **aon**. Más **na** an t-alt, cuirtear **h** ag tús an uimhreáin **aon**. Cuirtear an t-ainmfhocal (agus an aidiacht, más ann di) sa tuiséal ginideach de réir ghnáthrialacha na teanga.

luach **an aon bháid**
dath **na haon fhuinneoige**

luach **an aon bháid mhóir**
dath **na haon fhuinneoige báine**

B Na huimhreacha 11, 21, ..., 91

Úsáidtear an t-alt **an**, beag beann ar inscne an ainmfhocail. Ní chuirtear aon athrú ar an uimhreán, ar an ainmfhocal nó ar an aidiacht.

luach **an aon bhád déag**
luach **an aon bhád is fiche**

luach **an aon bhád déag mhóra**
luach **an aon bhád mór is fiche**

dath **an aon fhuinneog dhéag**
dath **an aon fhuinneog is fiche**

dath **an aon fhuinneog déag bhána**
dath **an aon fhuinneog bhána is fiche**

C Na huimhreacha 2, 12, 22, ..., 92

Ní athraítear aon rud.

luach **an dá bhád**
luach **an dá bhád déag**
luach **an dá bhád is fiche**

luach **an dá bhád mhóra**
luach **an dá bhád déag mhóra**
luach **an dá bhád mhóra is fiche**

D Na huimhreacha 3 – 10, 13 – 19, 23 – 29, ..., 93 – 99

Úsáidtear an t-alt **na**. Baintear **h** den uimhreán **ocht**. Cuireann an t-alt urú ar uimhreáin dar tús consan agus “n-” ag tús uimhreáin dar tús guta. Ní athraítear aon rud eile.

luach **na dtrí bhád**
luach **na gceithre bhád**
luach **na gcúig bhád**
luach **na sé bhád**
luach **na seacht mbád**
luach **na n-ocht mbád**
luach **na naoi mbád**
luach **na ndéich mbád**

luach **na dtrí bhád mhóra**
luach **na gceithre bhád mhóra**
luach **na gcúig bhád mhóra**
luach **na sé bhád mhóra**
luach **na seacht mbád mhóra**
luach **na n-ocht mbád mhóra**
luach **na naoi mbád mhóra**
luach **na ndéich mbád mhóra**

luach **na dtrí bhád déag**
luach **na n-ocht mbád déag**
luach **na naoi mbád déag**

luach **na dtrí bhád déag mhóra**
luach **na n-ocht mbád déag mhóra**
luach **na naoi mbád déag mhóra**

luach na dtrí bhád is fiche luach na dtrí bhád mhóra is fiche
luach na n-ocht mbád is fiche luach na n-ocht mbád mhóra is fiche
luach na naoi mbád is fiche luach na naoi mbád mhóra is fiche

E Gach uimhir eile (20, 30, ..., 90, 100, 101, 102, ...)

Fágtar gach rud gan athrú, ach amháin séimhiú a chur ar an uimhreán mura dtosaíonn sé ar **t**, **d**, **s** nó **f**.

luach an fiche bád luach an fiche bád mór
luach an nócha bád luach an nócha bád mór
luach an chéad bád luach an chéad bád mór
luach an chéad a haon bhád luach an chéad a haon bhád mhóra
luach an mhíle bád luach an mhíle bád mór
luach an mhíle, cúig chéad a dó dhéag bád (mhóra)
luach an mhilliún bád luach an mhilliún bád mhóra

Uimhreacha pearsanta

Tá focail faoi leith sa Ghaeilge chun **líon daoine beo** a chur in iúl más líon de 2, 3, ..., 10 nó 12 (ach ní 11) atá i gceist. Seo iad na focail:

2	beirt	7	seachtar
3	triúr	8	ochtár
4	ceathrar	9	naonúr
5	cúigear	10	deichniúr
6	seisear	12	dáréag

I gcás líonta daoine idir 13 agus 19, tá dhá nós ann. Is féidir (a) athúsáid a bhaint as na huimhreacha pearsanta seo i dteannta an fhocail **déag**, nó (b) dul i muinín chóras na mbunuumhreacha:

	(a)	(b)
13	triúr déag	trí dhuine dhéag
14	ceathrar déag	ceithre duine dhéag
15	cúigear déag	cúig dhuine dhéag
16	seisear déag	sé dhuine dhéag
17	seachtar déag	seacht nduine dhéag
18	ochtár déag	ocht nduine dhéag
19	naonúr déag	naoi nduine dhéag

Is é patrún (b) atá molta sa Chaighdeán Oifigiúil, ach tá patrún (a) in úsáid go coitianta chomh maith.

I ngach cás eile téitear i muinín chóras na mbunuumhreacha chun daoine a chomhaireamh:

An comhaireamh daoine

Más líon eile de dhaoine seachas na huimhreacha seo atá i gceist, téitear i muinín na mbunuumhreacha, mar shampla **duine dhéag**, **trí dhochtúir déag**, **seacht mbanaltra dhéag**, **fiche fostaí**, **céad vótóir**.

Bheadh sé mícheart córas na mbunuumhreacha a úsáid le haghaidh daoine má tá uimhir pearsanta le fáil sa teanga, áfach. Mar shampla, tá ***trí dhochtúir** agus ***ocht nduine** mícheart: caithfear **triúr dochtúirí** agus **ochtár** a rá.



- **An focal dáréag**: Cé go bhfuil focal le fáil don líon 12, is amhlaidh go bhfuil an focal ag imeacht ón teanga anois, agus tá nós ag teacht isteach **beirt déag** a úsáid. Dá bhrí sin, is féidir glacadh le **beirt dochtúirí déag** mar leagan cainte ceart, chomh maith le **dáréag dochtúirí**.

An focal “duine” a fhágáil ar lár

Más **duine** an focal atá á chomhaireamh, sé sin, líon daoine gan a rá cén cineál daoine atá i gceist, fágtar an focal **duine** ar lár go hiomlán:

tháinig beirt
tá ceathrar den fhoireann ar saoire
fuair dáréag bás

Is ainmfhocail iad na focail **beirt**, **triúr**, ... a chiallaíonn “2 × duine”, “3 × duine”, ..., faoi seach. Dá bhrí sin, bheadh sé iomarcach an focal **duine** a lua leo ó tá sé le tuiscint gur daoine atá i gceist. Is gnáthbhotún ag foghlaimeoirí é leithéidí ***beirt daoine** a rá.

An t-ainmfhocal a bheith sa tuiséal ginideach iolra

Más ainmfhocal éigin eile seachas **duine** atá á chomhaireamh, mar shampla **dochtúir**, **taistealaí**, **mac**, **iníon**, luaitear i ndiaidh na huimhreach é (nó idir an chéad uimhreach agus **déag**) agus cuirtear sa **tuiséal ginideach iolra** é:

ainmneach uatha	ginideach uatha	ainmneach iolra	ginideach iolra	
páiste	páiste	páistí	páistí	▶ triúr páistí
dochtúir	dochtúra	dochtúirí	dochtúirí	▶ beirt dochtúirí
fear	fir	fir	fear	▶ ceathrar fear
bean	mná	mná	ban	▶ seisear ban
mac	mic	mic	mac	▶ triúr mac
iníon	iníne	iníonacha	iníonacha	▶ beirt iníonacha

Ó thaobh comhréire de, is frása ainmfhoclach iad uimhir phearsanta agus ainmfhocal ina diaidh. Tá an uimhir mar cheannfhocal ann, agus tá an t-ainmfhocal eile san uimhir iolra agus é faoi réir an chéad ainmfhocail.

Claochluithe tosaigh

Ní chuirtear séimhiú nó urú ar an ainmfhocal i ndiaidh aon cheann de na huimhreacha pearsanta, ach amháin **beirt**. Cuireann **beirt** séimhiú ar an ainmfhocal a leanann é, ach amháin na cinn a thosaíonn ar **d** nó **t**:

beirt mhúinteoirí	ach	beirt daltaí
beirt pháistí		beirt tuismitheoirí
beirt mhac		beirt dochtúirí



Maidir le hainmfhocail dar tús **s** i ndiaidh **beirt**, tá dhá nós ann. De réir foinsí áirithe ba cheart an t-ainmfhocal a shéimhiú (**beirt shagart**), de réir foinsí eile níor cheart (**beirt sagart**). Is féidir glacadh leis an dá leagan mar leaganacha cearta, mar sin.

Uimhreacha pearsanta le rudaí neamhbheo

Uaireanta, feictear uimhreacha pearsanta á n-úsáid le rudaí neamhbheo chomh maith, mar shampla in abairtí mar seo:

Cá mhéad car atá agat? Beirt. (in ionad **dhá cheann**)

Bhuaigh sé dhá chluiche agus chaill triúr. (in ionad **trí cinn**)

Is nós an-neamhchoitianta é seo, ach níl sé mícheart. Is féidir uimhreacha pearsanta a úsáid le rudaí neamhbheo **nuair nach mbíonn an rud á lua**. Mar shampla, is féidir **beirt** nó **triúr** a rá agus tagairt neamhráite á déanamh do charanna nó do chluichí, ach ní féidir ***beirt charanna** nó ***triúr cluichí** a rá.

Uimhreacha pearsanta faoi chúinsí gramadaí

Mar a dúradh, is gnáthainmfhocail iad na huimhreacha pearsanta **beirt, triúr, ...** a bhfuil inscne agus foirm don tuiséal ginideach acu, mar a bhíonn ag ainmfhocail eile. Seo iad:

<u>ainmneach uatha</u>	<u>inscne agus díochl.</u>	<u>ginideach uatha</u>	<u>ainmneach iolra</u>	<u>ginideach iolra</u>
beirt	bain2	beirte	beirteanna	beirteanna
triúr	fir1	triúir	triúir	triúr
ceathrar	fir1	ceathrair	ceathrair	ceathrar
cúigear	fir1	cúigir	cúigir	cúigear
seisear	fir1	seisir	seisir	seisear
seachtar	fir1	seachtair	seachtair	seachtar
ochtair	fir1	ochtair	ochtair	ochtair
naonúr	fir1	naonúr	naonúr	naonúr
deichniúr	fir1	deichniúr	deichniúr	deichniúr
dáréag	fir4	dáréag	(?)	(?)

Uimhreacha pearsanta le haidiachtaí

Nuair a bhíonn aidiacht ag gabháil leis an ainmfhocal a bhfuiltear á chomhaireamh, tá an t-ainmfhocal sa tuiséal ginideach iolra agus dá bhrí sin, caithfear an aidiacht a chur sa tuiséal ginideach iolra, freisin:

<u>ainmneach iolra</u>	<u>ginideach iolra</u>	
páistí beaga	páistí beaga	▶ triúr páistí beaga
dochtúirí maithe	dochtúirí maithe	▶ beirt dochtúirí maithe
fir mhóra	fear mór	▶ ceathrar fear mór
mná áille	ban áille	▶ seisear ban áille
mic aeracha	mac aerach	▶ triúr mac aerach
iníonacha ciúine	iníonacha ciúine	▶ beirt iníonacha ciúine

Uimhreacha pearsanta leis an alt

Nuair a bhíonn alt ag gabháil le huimhir phearsanta, cuireann sé séimhiú ar an uimhir de réir a hinscne:

an bheirt pháistí	an t-ochtair mac
an triúr dochtúirí	an naonúr vótóirí
an ceathrar taistealaithe	an deichniúr polaiteoirí
an cúigear manach	an dáréag Teachtaí Dála
an seisear ban rialta	

Uimhreacha pearsanta sa tuiséal ginideach

Nuair a bhíonn uimhir phearsanta le cur sa tuiséal ginideach, leantar na gnáthrialacha a bhaineann le hainmfhocail a chur sa tuiséal ginideach, óir is ainmfhocail iad uimhreacha pearsanta:

beirt	▶	agallamh beirte	airgead na beirte
triúr	▶	... triúir	... an triúir
ceathrar	▶	... ceathrair	... an cheathrair
cúigear	▶	... cúigir	... an chúigir
seisear	▶	... seisir	... an tseisir
seachtar	▶	... seachtair	... an tseachtair
ochtair	▶	... ochtair	... an ochtair
naonúr	▶	... naonúr	... an naonúr
deichniúr	▶	... deichniúr	... an deichniúr
dáréag	▶	... dáréag	... an dáréag

Nuair a bhíonn ainmfhocal ag gabháil leis an uimhir, áfach, imítear ó na gnáthrialacha, agus ní chuirtear an uimhir (agus an t-ainmfhocal) sa tuiséal ginideach de ghnáth, ach amháin más í an uimhir **beirt** atá i gceist. Cuirtear séimhiú ar an uimhir i ndiaidh an ailt de réir ghnáthrialacha an tuisil ghinidigh:

beirt	▶	agallamh beirte ban	airgead na beirte ban
triúr	▶	... triúr páistí	... an triúr páistí
ceathrar	▶	... ceathrar fear	... an cheathrar fear
cúigear	▶	... cúigear dochtúirí	... an chúigear dochtúirí
seisear	▶	... seisear banaltraí	... an tseisear banaltraí
seachtar	▶	... seachtar polaiteoirí	... an tseachtar polaiteoirí
ochtar	▶	... ochtar fostaithe	... an ochtar fostaithe
naonúr	▶	... naonúr múinteoirí	... an naonúr múinteoirí
deichniúr	▶	... deichniúr banaltraí	... an deichniúr banaltraí
dáréag	▶	... dáréag ban	... an dáréag ban

Orduimhreacha

Cuireann orduimhreacha an t-ionad in iúl a bhaineann le rud in ord áirithe. Bíonn an t-alt ag gabháil le horduimhir de ghnáth.

A An uimhir 1

an chéad	+	ainmfhocal (faoi séimhiú, ach amháin ainmfhocal dar tús t, d, s)
-----------------	---	--

Samplaí:

**an chéad bhean, an chéad pháiste, an chéad duine, an chéad traein, an chéad solas,
an chéad aonach**

B Na huimhreacha 2 – 10

2 an dara 3 an tríú 4 an ceathrú 5 an cúigiú 6 an séú 7 an seachtú 8 an t-ochtú 9 an naoú 10 an deichiú	+	ainmfhocal (h roimh ghuta)
--	---	---------------------------------------

Samplaí:

2 **an dara heaglais**
3 **an tríú ceannlíne**
4 **an ceathrú bean chéile a bhí aige**
5 **an cúigiú timpiste i mbliana**
6 **an séú dalta ar theip air**
7 **an seachtú lá den tseachtain**
8 **an t-ochtú heaspag**
9 **an naoú mí den tseachtain**
10 **an deichiú líne**

C Iolraithe de 10

20 an fichiú 30 an tríochadú 40 an daicheadú 50 an caogadú 60 an seascadú 70 an seachtódú 80 an t-ochtódú 90 an nóchadú 100 an céadú 1,000 an míliú 1,000,000 an milliúnú ...	+	ainmfhocal (h roimh ghuta)
---	---	---------------------------------------

Samplaí:

an fichiú haois, an céadú huair, an míliú páiste a rugadh i mbliana, an milliúnú cuairteoir

D Na huimhreacha 11 – 19

Leantar patrún B thuas, agus cuirtear **déag** ag an deireadh.

11 an t-aonú 12 an dara/dóú 13 an tríú 14 an ceathrú 15 an cúigiú 16 an séú 17 an seachtú 18 an t-ochtú 19 an naoú	+	ainmfhocal (h roimh ghuta)	+	déag
---	---	-------------------------------	---	-------------

Pointí le tabhairt faoi deara:

- I gcás na huimhreach 1, is é **an t-aonú** a deirtear, ní **an chéad**.
- I gcás na huimhreach 2, is féidir **an dara** nó **an dóú** a rá.
- Murab ionann agus bunuimhreacha, ní chuirtear séimhiú ar **déag**. Mar shampla, deirtear **trí bhosca dhéag** (bunuimhir), ach **an tríú bosca déag** (orduimhir).

Samplaí:

- 1 **an t-aonú uair déag**
- 2 **an dara heaglais déag ar chlé**
- 3 **an tríú ceannlíne déag**
- 4 **an ceathrú bean chéile déag a bhí aige**
- 5 **an cúigiú timpiste déag i mbliana**
- 6 **an séú dalta déag ar theip air**
- 7 **an seachtú lá déag**
- 8 **an t-ochtú heaspag déag**
- 9 **an naoú mí déag**

E Na huimhreacha 21 – 29, 31 – 39, ..., 91 – 99

Leantar patrún D thuas, ach cuirtear **is fiche, is tríocha, ...** in ionad **déag** ag an deireadh.


an t-aonú an dara/dóú an tríú an ceathrú an cúigiú an séú an seachtú an t-ochtú an naoú	+	ainmfhocal (h roimh ghuta)	+	is	+	fiche tríocha daichead caoga seasca seachtó ochtó nócha
--	---	-------------------------------	---	-----------	---	--

Samplaí:

an t-aonú lá is fiche den mhí, an tríú bliain is tríocha dá shaol, an naoú ceann is nócha

F Na huimhreacha 101 – 110, 201 – 210, ..., 901 – 910

Leantar an patrún céanna agus atá in B thuas, ach cuirtear **an céad** (100), **an dá chéad** (200), ... ag an tús.



Samplaí:

an céad is aonú lá, an trí chéad is tríú bliain, an cúig chéad is naoú ceann

G Na huimhreacha 111 – 119, 211 – 219, ..., 911 – 919

Leantar an patrún céanna is atá in F thuas, agus cuirtear déag ag an deireadh.



Samplaí:

an céad is aonú lá déag, an trí chéad is tríú bliain déag, an cúig chéad is naoú ceann déag

Mar a dúradh faoi D thuas, ní chuirtear séimhiú ar **déag**.

H Aon uimhir eile

Ní gnách uimhreacha arda a úsáid mar orduimhreacha. Ach más gá, is í an ghnáthstraitéis chun uimhir ard a chur ina horduimhir ná an mhaolúimhir a úsáid agus an deireadh a athrú le go geríochnódh sí ar **ú**:

2, 413: **an dá mhíle, ceithre chéad is tríú duine déag**

42,564: **an daichead a dó mhíle, cúig chéad seasca a ceathrú capall**

Orduimhreacha sa tuiseal ginideach

Nuair a bhíonn orduimhir + ainmfhocal le cur sa tuiseal ginideach, tá trí cheist le freagairt:

- Cad a tharlaíonn don alt?
- Cad a tharlaíonn don uimhreán?
- Cad a tharlaíonn don ainmfhocal?
- Cad a tharlaíonn don chuid den uimhreán a leanann an t-ainmfhocal (mar shampla **déag, is fiche**)?

An uimhreáin 1

I gcás an uimhreáin 1, is mar seo a fhreagraítear na ceisteanna:

- Athraítear an t-alt de réir inscne an ainmfhocail (is é sin, **an** más firinsneach agus **na** más baininsneach).
- Fághtar **chéad** gan athrú.
- Cuirtear an t-ainmfhocal sa tuiseal ginideach, agus cuirtear séimhiú air ar lorg **chéad**, ach amháin ar **d, t, s**.

Samplaí:

an chéad fhear	▶	hata an chéad fhir
an chéad bhean	▶	hata na chéad mhná
an chéad easpag	▶	hata an chéad easpaig
an chéad eaglais	▶	díon na chéad eaglaise

Uimhreáin os cionn 2

Tá dhá phatrún in úsáid go forleathan:

- **Patrún A:**
 - Fághtar an t-alt gan athrú.
 - Cuirtear claochlú an tuisil ghinidigh ar an uimhreán ar nós dá mba ainmfhocal firinsneach é.
 - Fághtar an t-ainmfhocal féin gan athrú.
Má tá **h** roimh an ainmfhocal ar lorg an uimhreáin, fághtar mar sin é.
- **Patrún B:**
 - Athraítear an t-alt de réir inscne an ainmfhocail.
 - Cuirtear claochlú an tuisil ghinidigh ar an uimhreán de réir inscne an ainmfhocail (is é sin, **an** más firinsneach agus **na** más baininsneach).
 - Cuirtear an t-ainmfhocal sa tuiseal ginideach. Ní chuirtear aon chlaochlú air.
Má tá **h** roimh an ainmfhocal ar lorg an uimhreáin, baintear de é.

Sa dá phatrún seo, má leanann cuid den uimhreán an t-ainmfhocal, mar shampla **déag nó is fiche**, fághtar gan athrú é.

Samplaí:

	<u>Patrún A</u>	<u>Patrún B</u>
2 an dara fear	▶ teach an dara fear	teach an dara fir
an dara bean	▶ teach an dara bean	teach na dara mná
an dara heaspag	▶ hata an dara heaspag	hata an dara easpaig
an dara heaglais	▶ díon an dara heaglais	díon na dara eaglaise

3	an tríú fear an tríú bean an tríú heaspag an tríú heaglais	▶ teach an tríú fear ▶ teach an tríú bean ▶ hata an tríú heaspag ▶ díon an tríú heaglais	teach an tríú fir teach na tríú mná hata an tríú easpaig díon na tríú eaglaise
4	an ceathrú fear an ceathrú bean an ceathrú heaspag an ceathrú heaglais	▶ teach an tríú fear ▶ teach an tríú bean ▶ hata an tríú heaspag ▶ díon an tríú heaglais	teach an tríú fir teach na tríú mná hata an tríú easpaig díon na tríú eaglaise
5	an cúigiú fear an cúigiú bean an cúigiú heaspag an cúigiú heaglais	▶ teach an chúigiú fear ▶ teach an chúigiú bean ▶ hata an chúigiú heaspag ▶ díon an chúigiú heaglais	teach an chúigiú fir teach na cúigiú mná hata an chúigiú easpaig díon na cúigiú eaglaise
6	an séú fear an séú bean an séú heaspag an séú heaglais	▶ teach an tséú fear ▶ teach an tséú bean ▶ hata an tséú heaspag ▶ díon an tséú heaglais	teach an tséú fir teach na séú mná hata an tséú easpaig díon na séú eaglaise
7	an seachtú fear an seachtú bean an seachtú heaspag an seachtú heaglais	▶ teach an tseachtú fear ▶ teach an tseachtú bean ▶ hata an tseachtú heaspag ▶ díon an tseachtú heaglais	teach an tseachtú fir teach na seachtú mná hata an tseachtú easpaig díon na seachtú eaglaise
8	an t-ochtú fear an t-ochtú bean an t-ochtú heaspag an t-ochtú heaglais	▶ teach an ochtú fear ▶ teach an ochtú bean ▶ hata an ochtú heaspag ▶ díon an ochtú heaglais	teach an ochtú fir teach na hochtú mná hata an ochtú easpaig díon na hochtú eaglaise
9	an naoú fear an naoú bean an naoú heaspag an naoú heaglais	▶ teach an naoú fear ▶ teach an naoú bean ▶ hata an naoú heaspag ▶ díon an naoú heaglais	teach an naoú fir teach na naoú mná hata an naoú easpaig díon na naoú eaglaise
10	an deichiú fear an deichiú bean an deichiú heaspag an deichiú heaglais	▶ teach an deichiú fear ▶ teach an deichiú bean ▶ hata an deichiú heaspag ▶ díon an deichiú heaglais	teach an deichiú fir teach na deichiú mná hata an deichiú easpaig díon na deichiú eaglaise
11	an t-aonú fear déag an t-aonú bean déag an t-aonú heaspag déag an t-aonú heaglais déag	▶ teach an aonú fear déag ▶ teach an aonú bean déag ▶ hata an aonú heaspag déag ▶ díon an aonú heaglais déag	teach an aonú fir teach na haonú mná hata an aonú easpaig déag díon na haonú eaglaise déag

Orduimhreacha sa tuiséal tabharthach

Nuair a bhíonn orduimhir + ainmfhocal le cur sa tuiséal tabharthach ar lorg réamhfocail, cuirtear claochlú an tuisil thabharthaigh ar an uimhreán, ar nós dá mba ainmfhocal firinsneach é. Is féidir foirm thabharthach an ainmfhocail a úsáid má tá sí le fáil. Seachas sin, fágтар an frása gan athrú.

Mar shampla:

- | | | |
|---------------------|--|---|
| an cúigiú huair | ▶ don chúigiú huair | |
| an chéad chos | ▶ leis an gcéad chos nó chois
leis an chéad chos nó chois | (an córas “Deisceartach”)
(córas Chúige Uladh) |
| an ceathrú heaglais | ▶ ag an gceathrú heaglais
leis an chéad bhosca | (an córas “Deisceartach”)
(córas Chúige Uladh) |

Úsáid na n-orduimhreacha

Iompar an fhocail “céad”

Tá go leor mírialtachtaí ag baint leis an fhocal “céad” mar orduimhir.

“Céad” faoi shéimhiú ar lorg an ailt

Nuair atá alt roimh an fhocal **céad**, cuma cé acu **an** nó **na** atá ann nó cén inscne nó uimhir an t-ainmfhocal a leanann, tá séimhiú air: **an chéad, na chéad**.

An t-aon eisceacht den riail seo ná an tuiseal tabharthach uatha sa chóras “Deisceartach”, áit a n-uraítear é, mar shampla **leis an gcéad chos**.

“Céad” leis an uimhir iolra

Is féidir an orduimhir **céad** a úsáid le hainmfhocal san uimhir iolra. Athraítear an t-alt ó **an** go **na**, ach ní athraítear aon rud eile.

Sa tuiseal ainmneach: **na chéad bhlianta den réabhlóid, mo chéad fhocail sa Ghaeilge, na chéad daoine**. Sa tuiseal ginideach: **tábhacht na chéad bhlianta, luach na chéad uan**. Sa tuiseal tabharthach: **leis na chéad bhlianta, tá sibh ar na chéad daoine a tháinig anocht**.

“Céad” mar réimír

Is féidir **céad** a úsáid mar réimír le briathra agus le hainmfhocal. Mar shampla:

céadonóracha (= onóracha den chéad ghrád)
an té a chéadrinne é (= an chéad duine a rinne é)

Orduimhreacha gan alt

Is gnách orduimhreacha a úsáid in éineacht le halt. Uaireanta, áfach, is féidir an t-alt a bhaint den uimhir. Tarlaíonn sé go háirithe sna cásanna seo a leanas.

Orduimhir le forainm sealbhach

Is féidir forainm sealbhach (**do, ár, bhur**) a chur in áit an ailt. Má tá claochlú ar an uimhreán, baintear de é, agus cuirtear cibé claochlú nua atá ag teastáil ón fhorainm, ar nós dá mba ainmfhocal é an t-uimhreán. Mar shampla:

- | | | | | |
|-------------------|---|-------------------------|---|---|
| an chéad mhac | ▶ | (<i>céad mhac</i>) | ▶ | a chéad mhac
(= an chéad mhac leis) |
| an t-ochtú bliain | ▶ | (<i>ochtú bliain</i>) | ▶ | bhur n-ochtú bliain
(= an t-ochtú bliain a chaith sibh le chéile) |
| an chéad athair | ▶ | (<i>céad athair</i>) | ▶ | ár gcéad athair
(= an chéad athair againn) |

Cé gur féidir na habairtí seo a rá, is gnách sa Ghaeilge iad a sheachaint le foclaíocht éigin eile. Mar shampla, is gnáiche **an chéad mhac leis** ná **a chéad mhac**.

Orduimhir le hainmfhocal a bhfuil cáilitheoir cinnte aige

Má tá cáilitheoir cinnte (is é sin, ainmfhocal ginideach le halt de ghnáth) ag gabháil le hainmfhocal, agus orduimhir leis, caithfear an t-alt (agus an claochlú) a bhaint den orduimhir. Mar shampla:

- | | | |
|-----------|---|--|
| mac an rí | ▶ | céad mhac an rí (ní féidir *an chéad mhac an rí a rá) |
| | | ochtú mac an rí (ní féidir *an t-ochtú mac an rí a rá) |